Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 23 Márta 2022**
**(OR. fr)**

**7425/22**

**LIMITE**

**JAI 377**
**ASILE 33**
**MIGR 91**
**FRONT 128**
**CADREFIN 38**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhordú Eorpach chun dídeanaithe ón Úcráin a ghlacadh |

Ón 24 Feabhra i leith, theith os cionn 3 mhilliún duine, mná agus leanaí den chuid is mó, as an Úcráin agus lorg siad dídean san Aontas Eorpach, tar éis an fhogha mhíleata atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise. Léirigh an tAontas Eorpach aontacht agus dlúthpháirtíocht trí chinneadh a dhéanamh, an 27 Feabhra, leas a bhaint as an gcosaint shealadach dá bhforáiltear i dTreoir 2001/55/CE – den chéad uair ó glacadh í – agus trína chinneadh a ghlacadh an 3 Márta. Tá tacaíocht dhaonnúil á tabhairt aige don Úcráin agus don Mholdóiv freisin, go háirithe trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

Is gá an aontacht agus an dlúthpháirtíocht chomh maith chun dea-choinníollacha glactha a áirithiú do na daoine lena mbaineann. Chuige sin, is gá comhordú níos fearr ar an leibhéal Eorpach maidir le roinnt saincheisteanna, i gcomhréir le cineál eisceachtúil an cháis. Eagraíonn an Uachtaránacht cruinniú IPCR gach seachtain chun na gnéithe éagsúla den ghéarchéim a phlé agus chun gur féidir linn ár n-iarrachtaí a tharraingt le chéile, ba cheart freastal, ag na cruinnithe rialta den ardán dlúthpháirtíochta, ar na riachtanais a chuireann na Ballstáit in iúl.

Bheadh treoir ó na hairí fíor-úsáideach, go háirithe maidir le dídeanaithe a ghlacadh agus maidir le cúrsaí taistil a chomhordú.

## 1. Tacaíocht ábharach agus airgeadais do na Ballstáit a chur chun feidhme

*Chuir an Coimisiún roinnt tionscnaimh i láthair lena dírítear ar an tacaíocht airgeadais a thugann an tAontas Eorpach do na Ballstáit a mhéadú chun go mbeidh siad in ann dídeanaithe a ghlacadh.*

Faoi tionscnamh CARE (Gníomhaíocht Chomhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip), beidh na Ballstáit in ann na suimeanna atá ar fáil faoi chlárthréimhse Chistí Comhtháthaithe 2014-2020 a úsáid chun na costais a bhaineann le dídeanaithe a ghlacadh a chumhdach (tá tuairim is céad milliún euro fós ann nár sannadh go fóill). Is féidir tráinse 2022 de chistí REACT-AE (EUR 9,5 billiún) a úsáid freisin. Trí thionscnamh CARE, is féidir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) a úsáid ar bhealach solúbtha chun tacú le gníomhaíochtaí do dhídeanaithe. Ina theannta sin, leis an tionscnamh, cuirtear síneadh aon bhliain amháin leis an ráta eisceachtúil cómhaoinithe Eorpach 100 % : d'fhéadfaí, leis sin, na híocaíochtaí a thabhairt suas le EUR 5 bhilliún in 2022, agus EUR 1 bhilliún in 2023.

Trí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha maidir leis na Cistí Eorpacha um Ghnóthaí Baile, is féidir na cistí atá ar fáil faoi chláir náisiúnta na mBallstát de réir chlárthréimhse Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) 2014-2020 a úsáid agus síneadh aon bhliain amháin a chur le hincháilitheacht na gclár. Tá an tsolúbthacht sin sa bhreis ar na hacmhainní atá ar fáil do na Ballstáit faoi chlárthréimhse 2021-2027 faoi bhainistiú díreach:

– EUR 63 mhilliún i dtacaíocht éigeandála le haghaidh 2022, faoi AMIF agus faoin Ionstraim le haghaidh tacaíocht do bhainistiú teorann;

– EUR 150 milliún chun tacú le córais ghlactha, tearmainn agus fillte na mBallstát a bhfuil brú mór imirce orthu faoi láthair.

Clúdófar 100 % nó 90 % de na costais a eascraíonn as glacadh na ndaoine lena mbaineann ón Úcráin. Ar deireadh, tríd an Ionstraim le haghaidh tacaíocht do bhainistiú teorann, cuirtear EUR 499 milliún ar fáil do na Ballstáit chun na teorainneacha seachtracha a chosaint agus a fhaire.

D'fhormheas Coreper an togra le haghaidh Rialachán maidir le CARE agus an togra le haghaidh Rialachán maidir le Cistí Gnóthaí Baile an 16 Márta. Ba cheart do Pharlaimint na hEorpa na téacsanna sin a ghlacadh ag an gcruinniú a bheidh aici an 23 agus an 24 Márta, agus ba cheart dóibh teacht i bhfeidhm an 7 Aibreán.

D’iarr na Ballstáit an méid seo a leanas:

- go gcuirfí na hionstraimí airgeadais go léir atá ar fáil, chomh maith leis na suimeanna a bheidh ar fáil do na Ballstáit, i láthair ar bhealach iomlán inléite;
- go gcuirfí ionad ilfhreastail ar bun chun gur féidir iarratais a dhéanamh: tá an Coimisiún tar éis freagra a thabhairt ar an iarratas seo;
- go gcuirfí éagsúlacht na riachtanas san áireamh mar is cuí, lena n-áirítear, mar shampla, riachtanais oideachais agus acmhainní scoile, agus aird á tabhairt ar an gcion ard mionaoiseach atá i measc na ndaoine atá ag teacht isteach.

Cabhrófar freastal ar riachtanais phráinneacha leis na hacmhainní thuasluaite. Ag an am céanna, d'fhéadfaí machnamh a dhéanamh faoi riachtanais fhéideartha san fhadtéarma, trí anailís eacnamaíoch a dhéanamh.

*Ina theannta sin, thosaigh gníomhaireachtaí an Aontais ag cur leis an tacaíocht atá á tabhairt do na Ballstáit.*

Imscaradh 257 n-oifigeach de chuid Frontex chuig na teorainneacha leis an Úcráin, an Mholdóiv agus an Bealarúis - lena n-áirítear 204 oifigeach de chuid na Rómáine (157 ar an teorainn leis an Úcráin, 47 ar an teorainn leis an Moldóiv). Tá 18 n-oifigeach sa Pholainn, 18 n-oifigeach sa Mholdóiv agus 14 oifigeach sa tSlóvaic.

Tá ullmhúchán á dhéanamh ag an nGníomhaireacht Tearmainn le haghaidh gníomhaíocht sa Rómáin.

Ar deireadh, tá Europol san airdeall ar na rioscaí a bhaineann le díchobhsú theorainneacha na hÚcráine (gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar airm nó ar fheithiclí, etc.). Tá 4 oifigeach imscartha ag Europol sa tSlóvaic, 4 oifigeach sa Pholainn agus 2 oifigeach sa Mholdóiv.

**Iarrtar ar na hairí a measúnú a thabhairt ar an gcaoi a n-imscartar a n-acmhainní, agus ar aon riachtanais bhreise a d’fhéadfadh a bheith acu.**



PUBLIC

## 2. Faireachán agus comhordú a dhéanamh ar thaisteal laistigh den Aontas Eorpach

Ardaítear roinnt ceisteanna maidir le cur chun feidhme agus glacadh na ndídeanaithe á eagrú. An 23 Márta, chuir an Coimisiún teachtaireacht i láthair inar tugadh forléargas ar an tsaincheist sin.

PUBLIC

*Tá obair ar bun ag na Ballstáit faoi láthair chun Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 an 4 Márta 2022 a chur chun feidhme chun cosaint shealadach a thabhairt isteach.* Ardaíodh roinnt ceisteanna, i ndáil le fíorú na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chinneadh (go háirithe in éagmais pasanna bithmhéadracha nó aon doiciméid aitheantais, nó chun iarratais ó náisiúnaigh tríú tíortha a ghlacadh) agus i ndáil leis na daoine lena mbaineann a chlárú. Tugadh roinnt freagraí sna treoirlínte ón gCoimisiún an 21 Márta.

Ba cheart na sonraí a bhailíonn na Ballstáit ar an túslíne nuair a thagann na dídeanaithe isteach san Aontas a tharchur chuig Ballstáit eile chun cosaint a áirithiú do na dídeanaithe agus chun an chuid eile dá dturas san Aontas a éascú agus chun go gclárófaí iad le haghaidh cosaint shealadach. Ba cheart teacht ar réitigh phragmatacha shimplí sa ghearrthéarma chun sonraí alfa-uimhriúla mar sin, a bhailíonn na Ballstáit ar an túslíne, a mhalartú, go dtí go mbeidh réiteach buan ann.

*Éilítear comhordú ar an leibhéal Eorpach chun go n-eagrófaí glacadh na ndaoine lena mbaineann mar is cuí.* Éilítear an comhordú sin ar thrí chúis: áiritheofar leis go bhfaighidh na dídeanaithe féin an cúram cuí; áiritheofar leis go ndéanfar an brú atá ar na Ballstáit túslíne a mhaolú; cuirfear an intuarthacht is gá ar fáil do Bhallstáit chinn scríbe nó idirthurais.

Beidh malartuithe faisnéise idir na Ballstáit maidir le sreabha atá ag teacht isteach, acmhainneachtaí glactha agus catagóirí áirithe daoine - go háirithe daoine leochaileacha, agus mionaoisigh neamhthionlactha, mar chuid de sin. Rachfar i mbun comhordú mar chuid de sin freisin chun go mbeifear in ann sreabha dídeanaithe chuig na Ballstáit éagsúla a réamh-mheas agus a thuar, go háirithe trí naisc iompair a eagrú agus trí mhoil a úsáid sna láithreacha ábhartha.

Beidh tábhacht nach beag ag baint le malartú sonraí – agus iad a bheith cruinn, inchomparáide, agus cothrom le dáta – i measc na mBallstát má táthar chun beartas éifeachtach a chur chun feidhme, go háirithe maidir le líon na ndaoine a thiocfaidh isteach agus amach as gach Ballstát lena mbaineann.

Tá tús curtha cheana féin ag roinnt de na Ballstáit le córais chomhordúcháin eatarthu féin chun iompar dídeanaithe a eagrú agus a phleanáil go comhbheartaithe. Bheadh a leithéid de chomhordú úsáideach agus éifeachtach ar fud an Aontais Eorpaigh; d'fhéadfaí an comhordú sin a chur de chúram ar an gCoimisiún ó tharla ardán dlúthpháirtíochta curtha ar bun aige cheana chun comhordú a chumasú agus an dlúthchomhar a éascú idir na Ballstáit i ngach ceann de na réimsí sin..

**Iarrtar ar na hairí a chur in iúl an dteastaíonn soiléiriú breise maidir le cur i bhfeidhm na cosanta sealadaí (córas cónaithe, etc). Is gné thábhachtach go háirithe an nós imeachta clárúcháin chun faireachán a dhéanamh orthu siúd atá i gceist, agus chun iad a ghlacadh agus a chosaint: tá sé beartaithe a iarraidh ar an gCoimisiún réiteach a ullmhú lena gceadófar, gan mhoill, clárúcháin a dhéanfar sna bunachair sonraí náisiúnta a chomhdhlúthú ar an leibhéal Eorpach.**

**Iarrtar ar na hairí a dhearbhú céard go díreach lena bhfuil súil acu ón ardán dlúthpháirtíochta: ar cheart don Choimisiún, tríd an ardán, iompar dídeanaithe laistigh den Aontas Eorpach a chomhordú trí bhealaí faisnéise a eagrú agus an taisteal ó phointí tionóil réamhaitheanta áirithe a sceidealú, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí an Aontais?**

## 3. Glacadh dídeanaithe ón Moldóiv: faireachán ar ghealltanais, cur chun feidhme oibríochtúil

I bhfianaise mar atá cúrsaí sa Mholdóiv, tá seifteanna éagsúla curtha i bhfearas ag an Aontas Eorpach, go háirithe i dtaca leis an gcabhair dhaonnúil. Thart ar chúig Bhallstát déag atá tar éis tacú leis an Moldóiv cheana féin trí UCPM, trí threalamh leighis, leapacha campa agus riachtanais sláinteachais a chur ar fáil. Rinneadh comhaontú stádais – lena gceadaítear do Frontex idirghabháil ghníomhach a dhéanamh ar chríoch na Moldóive chun tacú le gardaí teorann na Moldóive – a chaibidil agus a shíniú in imeacht cúpla lá. A bhuí leis an gcomhaontú sin, tá imscaradh éifeachtach á dhéanamh ar ghardaí teorann ón 20 Márta i leith.

PUBLIC

Is den riachtanas anois glacadh a eagrú ar leibhéal an Aontais dóibh siúd as an Úcráin atá ar lorg dídine sa Mholdóiv. Tá iarrtha ag an gCoimisiún ar na Ballstáit gealltanais a thíolacadh maidir le glacadh na ndídeanaithe sin. Ón 17 Márta i leith, tá a leithéidí de ghealltanais tíolactha ag sé cinn de na Ballstáit, agus ag an Iorua, rud a fhágann gur féidir 11 500 duine san iomlán a ghlacadh. Tá cead tugtha ag an Rómáin ionad glactha a chur ar bun sa tír.

De théisclim don ghlacadh sin, faoi chuimsiú an ardáin dlúthpháirtíochta, tá nósanna imeachta oibríochtúla ullmhaithe ag an gCoimisiún ina sonraítear na coinníollacha faoina ndéanfar na daoine lena mbaineann a shainaithint, a roghnú, a iompar agus a óstáil sna Ballstáit. D'fhéadfaí eagrú na n-athlonnuithe féin a chur faoi chúram an Choimisiúin. Tá sé ráite ag cuid de na Ballstáit gur mian leo go dtabharfaí cúnamh airgeadais ón Aontas Eorpach do phróiseas iompair na ndídeanaithe sin.

**Iarrtar ar na hairí:**

- **gealltanas a thíolacadh maidir le glacadh;**
- **a dhearbhú gur mian leo tús a chur le hoibríochtaí a luaithe is féidir i gcomhréir leis na buan-nósanna imeachta oibríochta, agus dáta éifeachta a shocrú ar fhógra an-ghearr.**

## 4. Rialú ag teorainneacha seachtracha agus saincheisteanna slándála:

*Athdhearbhú dúinn í géarchéim seo na hÚcráine faoina thábhachtaí atá sé nósanna imeachta stóinseacha a bheith againn maidir leis an teorainn sheachtrach mar aon le hacmhainneacht na nósanna imeachta sin a oiriúnú go gasta agus freagairt tráth géarchéime.* Ní mór nósanna imeachta stóinseacha slándála a chur chun feidhme: tá sé tábhachtach go ndéanfar gach duine a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais a sheiceáil sna córais faisnéise ábhartha, go háirithe i gCóras Faisnéise Schengen (SIS). Iarrtar ar na Ballstáit comhréireachtaí (nó amais le linn seiceála) a thuairisciú do Europol, tríd an Líonra um Malartú Slán Faisnéise (SIENA), nuair is ábhartha.


PUBLIC

De réir na bhforálacha atá i gCód Teorainneacha Schengen, is féidir leibhéal an rialaithe a oiriúnú don bhagairt agus ardleibhéal slándála a áirithiú ag an am céanna. An 2 Márta seo caite, thíolaic an Coimisiún treoirlínte inar sonraíodh na modhanna oibríochta dár ceart tosaíocht a thabhairt.

*Os a choinne sin, is dírithe go háirithe ar chúnamh a thabhairt do na Ballstáit nuair a bhíonn dúshláin den sórt sin rompu atá sainordú na ngníomhaireachtaí Frontex agus Europol.*

Tá ar chumas Frontex breis agus 2 600 oifigeach a imscaradh le haghaidh gach gníomhaíocht dá seolfaidh an garda teorann le linn na géarchéime seo, agus tús curtha aige le heitiltí aisdúichithe a eagrú do náisiúnaigh tríú tíortha atá i ngátar. De chomhlánú ar an tacaíocht sin, déanann Europol oifigigh dá chuid a imscaradh chun acmhainneacht saineolais a chur ar fáil agus seiceálacha teorann á ndéanamh. Ar bhonn na faisnéise ábhartha arna soláthar ag na Ballstáit, tá Europol in ann anailís chruinn ar bhagairtí coiriúla a chur ar fáil agus tacaíocht a thabhairt d'imscrúduithe arna dtionscnamh ag na Ballstáit ar ghníomhartha coiriúla nó sceimhlitheoireachta a bhaineann leis an gcoinbhleacht atá ar siúl.

*Ina theannta sin, tá curtha in iúl ag an gCoimisiún go bhfuil sé réidh le tacaíocht airgeadais a thabhairt d'oibríochtaí arna ndéanamh go comhpháirteach ag na Ballstáit*, mar shampla nuair a chuireann Ballstát amháin ar fáil do Bhallstát eile, i gcomhréir le creat dlíthiúil Chinntí Prüm, foireann na seirbhísí slándála. Teastaíonn sásra a dhéanfaidh comhordú idir riachtanais oibríochtúla na mBallstát is mó atá buailte agus an tacaíocht is féidir leis na Ballstáit eile a thabhairt.

PUBLIC

*I ndeireadh thiar, fágann an staid reatha gur furasta don choireacht thromchúiseach agus eagraithe den uile chineál, a thagann i dtír ar an leochaileacht dhaonna, teacht chun cinn* (gáinneáil ar dhaoine, teacht i dtír gnéasach, saothar éigeantais, ar móide an baol i gcás mionaoiseach agus dílleachtaí cogaidh, chomh maith le smuigleáil imirceach, smuigleáil doiciméad bréagach, eagrú líonraí díothaithe fear a dhiúltaíonn don slógadh ginearálta, camscéimeanna ar líne, mí-úsáid cistí agus bronntanais don Úcráin, cibirionsaithe, gáinneáil arm, gáinneáil ar dhrugaí, agus mar sin de). Is maith an t-údar an méid sin go gcuirfí ar an airdeall agus i ngníomh pobal EMPACT[1] – líonra Eorpach cleachtóirí sa chomhrac i gcoinne cineálacha éagsúla coireachta, ar féidir leis úsáid a bhaint as an bhfios gnó a fuarthas le deich mbliana anuas tríd an sásra sin (cuardach ar fhaisnéis choiriúil, malartú faisnéise, spriocdhíriú oibríochtúil, idirghabháil agus cosc). Fágann na láidreachtaí a ghabhann le sásra EMPACT (oiriúnacht, freagrúlacht, solúbthacht, comhlántacht seirbhísí agus gníomhaithe oibríochtúla) gur féidir leis na Ballstáit oibríochtaí comhpháirteacha a eagrú ar mhaithe le slándáil an Aontais.

Is den ríthábhacht é go ndéanfaí – ach a leaga siad cos san Aontas – iad siúd is leochailí, go háirithe leanaí, a chosaint ó dhúshaothrú agus gáinneáil den uile chineál. Chuige sin, is den tábhacht bearta coisctheacha agus ardaithe feasachta a chur i bhfeidhm go gasta chun sábháilteacht agus slándáil dídeanaithe a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhar a bhunú idir na seirbhísí náisiúnta póilíneachta agus slándála agus eagraíochtaí daonnúla agus eagraíochtaí eile de chuid na sochaí sibhialta chun bagairtí atá ag teacht chun cinn, mar aon leo siúd a d’fhéadfadh a bheith ina n-íospartaigh ag an ngáinneáil, a shainaithint.

Iarrtar ar na Ballstáit gach faisnéis is ábhartha a chur ar fáil do Europol chun rioscaí slándála a bhaineann le géarchéim na hÚcráine a chosc.

**Iarrtar ar na hairí:**

– **a chur in iúl go díreach an méid lena bhfuil súil acu maidir le tacaíocht an Aontais Eorpaigh i dtaca le seiceálacha slándála ag an teorainn sheachtrach;**
– **a dhearbhú go díreach an méid lena bhfuil súil acu ó thaobh leas a bhaint as líonra EMPACT chun dul i ngleic go comhordaithe le gach feiniméan coiriúil a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as an ngéarchéim san Úcráin.**

---

[1]. EMPACT (*European Multidisciplinary Platform Against Criminal Threats*): an tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla



PUBLIC